**Caingean arna tabhairt an 31 Deireadh Fómhair 2022 – Mood Media Netherlands v EUIPO – Tailoradio (VIDEO MOOD Digital Signage, made easy)**

**(Cás T-664/22)**

(2023/C 7/48)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Mood Media Netherlands BV (Naarden, an Ísiltír) (ionadaí: A.-M. Pecoraro, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Tailoradio Srl (Milano, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "VIDEO MOOD Digital Signage, made easy" in liath, i ngorm agus i mbán – Iarratas ar chlárú Uimh. 16 150 691

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Lúnasa 2022 i gCás R 1852/2018-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 4 Samhain 2022 – Calrose Rice v EUIPO – Ricegrowers (Suaitheantas gréine agus litreacha Araibise leis)**

**(Cás T-670/22)**

(2023/C 7/49)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Calrose Rice EOOD (Sóifia, an Bhulgáir) (ionadaí: H. Raychev, Dlíodóir)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Ricegrowers Ltd (Leeton, New South Wales, an Astráil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh (Suaitheantas gréine agus litreacha Araibise leis) – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 186 653